
# SEACHTAIN **RÉTHAISTIL** NA HEORPA

16-22 MEÁN FÓMHAIR 2025

## Téama Bliantúil: Soghluaisteacht do Gach Aon Duine

Is éard tá i gceist le Soghluaisteacht do Gach Aon Duine ná iompar inrochtana, inacmhainne, sábháilte, inbhuanaithe a bheith ar fáil do gach aon duine, is cuma faoi ioncam, láthair, inscne nó cumas. Mar sin féin, bíonn bacainní ar nós costais arda nó easpa roghanna iompair roimh an-chuid daoine, rud a laghdaíonn an rochtain a bhíonn acu ar jabanna, oideachas agus seirbhísí riachtanacha - bochtaineacht iompair a thugtar air seo.

In 2025, tugtar cuireadh dúinn le SEACHTAIN **RÉTHAISTIL** NA HEORPA gach aistear a athmhachnamh agus an tsoghluaisteacht a dheimhniú do gach aon duine!



## 1. Dearadh do chách


Téann córais soghluaisteachta dea-dheartha chun tairbhe do chách. Bíonn seirbhísí, feithiclí, infreastruchtúr agus cumarsáid a bhíonn dea-phleanáilte ina gcabhair do na húsáideoirí ar fad, go háirithe iad siúd a mbíonn laigí fisiceacha, céadfacha nó cognaíocha orthu.

**Gan aon bhacainní fisiceacha:** Déan deimhin de go mbíonn feithiclí atá laistigh den chóras soghluaisteachta inrochtana do gach aon duine. Áirítear air seo iompar poiblí, iompar faoi fhad scairte, iompar ar éileamh agus iompar comhroinnte. Tá an oiread céanna fíor maidir le stáisiúin, stadanna, moil, cosáin coisithe, cosáin rothaíochta agus infreastruchtúr iompair eile. Machnaigh rampaí, uigeacht urláir, comharthaíocht, soilsiú, dromchlaí, diminsin agus draenáil.

**Cumarsáid shoiléir:** Bain úsáid as comharthaíocht, aimsiú bealaigh, cláir ama agus pleanáil bealaigh atá éasca le tuiscint. Seachain comharthaí a mbeadh an iomarca sonraí orthu a bheadh ródheacair, b'fhéidir, do chuid de na daoine. Freastail ar dhaoine a bhfuil laigí céadfacha nó cognaíocha orthu. Glac chugat féin téarmaí agus siombailí atá soiléir, simplí, comhsheasmhach.

**Inrochtana go digiteach:** Cuir ar fáil uirlisí digiteacha so-úsáidte don ticéadú, do phleanáil aistear agus don eolas i réad-am. Tacaigh le húsáideoirí chun deimhin a dhéanamh de nach bhfágtar grúpaí áirithe sa tsochaí as an áireamh go digiteach.

**Slán sábháilte:** Cuir feabhas ar an infreastruchtúr fisiceach (m.s. le soilsiú atá dea-oiriúnaithe) agus déan deimhin de go gcloíonn seirbhísí digiteacha le RGCS chun cur leis an tslándáil.



## 2. Ilghnéitheacht, Inacmhainneacht agus Iontaofacht

Le córas soghluaisteachta atá i ndáiríre cuimsitheach, tairgtear roghanna iompair atá ilghnéitheach, iontaofa agus inacmhainne do gach aon phobal.

**Ilghnéitheacht:** Cuir ar fáil raon ilghnéitheach seirbhísí iompair, modhanna agus nasc gan uaim chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn rochtain ann. Comhtháthaigh agus cuir chun cinn iompar poiblí bealaí socraithe, seirbhísí comhroinnte, carr-roinnt, roghanna ar éileamh, siúl agus rothaíocht chun na roghanna is fearr a chur ar fáil do na riachtanais éagsúla soghluaisteachta. Bíodh tú in achair dhlútha uirbeacha nó i measc pobal iargúlta scaipthe, aimsigh an rud a oireann don chomhthéacs áitiúil agus breathnaigh an chaoi a mbíonn na roghanna éagsúla soghluaisteachta mar chomhlánú dá chéile d'fhonn feabhas a chur ar an infhaighteacht agus ar an gcumhdach agus d'fhonn an bhochtaineacht iompair a laghdú.

**Coinnigh go hinacmhainne é:** Déan bearta éagsúla a chíoradh, a thástáil agus a chur i bhfeidhm chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn rochtain chomhionann ann ar an tsoghluaisteacht agus chun an t-ualach geilleagrach ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh a laghdú. Méadaigh ar an gcomhoibriú idir údaráis phoiblí agus oibritheoirí soghluaisteachta chun spreagadh a thabhairt do lascainí struchtúracha, dreasachtaí airgeadais, fóirdheontais agus tacaithe, buiséid soghluaisteachta, praghsáil dlúthphháirtíochta, léasú rothar pobail agus scéimeanna eile dá leithéid.

**Iontaofa i gcónaí:** Cuir ar fáil seirbhísí iontaofa mar aon le heolas soiléir, réad-ama chun deimhin a dhéanamh de go roghnaíonn daoine na roghanna is éifeachtúla, inmharthana.






## 3. Lig don phobal ar fad bheith páirteach

Bíonn difríocht idir na heispéiris soghluaisteachta a bhíonn ag grúpaí éagsúla. Má thugtar páirt do na páirtithe leasmhara ar fad gheofar réitigh a bheidh i gcomhréir le fíor-riachtanais.

**Comhoibriú ar smaointe nua:** Cruthaigh spás agus deiseanna do chomhoibriú idir earnálacha éagsúla, áit a mbíonn an earnáil phoiblí ag feidhmiú mar chatalaíoch chun smaointe nua a chumasú agus a thacú. Tacaíonn agus spreagann an Ciste Aeráide Sóisialta réitigh nuálacha áitiúla don tsoghluaisteacht inmharthana.

**Comhthéacs áitiúil, riachtanais áitiúla:** Chun réitigh níos cuimsithí ar an tsoghluaisteacht a chur chun cinn, glac cur chuige cuimsitheach maidir le páirtíocht, comhairliú, comh-chruthú agus pleanáil. Cuimhnigh gur cairde iad leis na riarthóirí poiblí agus leis na hoibritheoirí soghluaisteachta na cumainn comharsanachta, na grúpaí ionadaíocha agus na cumainn eagraithe eile sa tsochaí shibhialta agus sa phobal maidir le réiteach a fháil ar an mbochtaineacht iompair agus ar an tsoghontacht soghluaisteachta.

**Inghlacthacht:** Machnaigh noirm agus roghanna éagsúla sóisialta agus cultúrtha chun deimhin a dhéanamh de go mbíonn seirbhísí, réitigh agus roghanna don tsoghluaisteacht fáilteach agus inghlactha ag gach aon duine.



## 4. Áitiúil, réigiúnach, meitreapholaiteach

Níor cheart go mbeadh deireadh leis an tsoghluaisteacht ag teorainneacha riaracháin. Le comhoibriú éifeachtach thar na críocha éagsúla déantar deimhin de go mbíonn iompar gan uaim ann do chách.

**Cuir na hiarrachtaí le chéile:** Déan cur chuige comhoibríoch a lorg idir cathracha, réigiúin agus riaracháin chóngaracha beaga, d'fhonn freastal ar roghanna soghluaisteachta na ndaoine. Chun acmhainní agus réitigh a uasmhéadú, déan cíoradh ar na patrúin soghluaisteachta, ar láthair na seirbhísí agus ar infhaighteacht na seirbhísí lastall de na teorainneacha riaracháin faoi seach.

**Achair fheidhmiúla uirbeacha agus achair lastall díobh:** Pleanáil agus bainistigh córais soghluaisteachta agus dearcadh achar feidhmiúil uirbeach agat chun córais níos láidre, athléimní a chruthú. Tabhair tosaíocht don ilmhodhacht a chomhtháthú leis an infreastruchtúr chun láir cathracha a nascadh leis na hachair pheirea-uirbeacha go héifeachtach. Ná déan dearmad anailís a dhéanamh ar phatrúin soghluaisteachta seachas comaitéireacht ó bhaile go dtí an obair, agus orthu sin áirítear patrúin chasta atá nasctha le soghluaisteacht cúraim, chun a dheimhniú go gcuirtear san áireamh daoine a chónaíonn i bpobail tuaithe agus pobail bheaga agus go gcuimhnítear ar a gcuid riachtanas.

